# SEASAMH (AE) Uimh. 4/2011 ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

## chun go nglacfaí Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1905/2006 lena mbunaítear ionstraim maoinithe le haghaidh comhair um fhorbairt

**Arna ghlacadh ag an gComhairle an 10 Nollaig 2010**

(2011/C 7 E/04)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 209(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach [1],

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá sé mar aidhm ag beartas forbartha an Aontais bochtaineacht a laghdú agus ar deireadh, í a dhíothú.

(2) Tá an tAontas Eorpach, mar chomhalta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála (WTO), tiomanta do thrádáil a phríomhshruthú i straitéisí forbartha agus do thrádáil idirnáisiúnta a chur chun cinn d'fhonn forbairt a chur ar aghaidh agus bochtaineacht a laghdú – agus, san fhadtéarma, í a dhíothú, – ar fud an domhain.

(3) Tacaíonn an tAontas le Grúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin (ACC) agus iad ag féachaint le bochtaineacht a laghdú agus forbairt eacnamaíoch agus shóisialta inbhuanaithe a bhaint amach, agus aithníonn sé an tábhacht a bhaineann le hearnálacha tráchtearraí na dtíortha sin.

(4) Tá an tAontas tiomanta do thacaíocht a thabhairt do chomhtháthú réidh, céimseach na dtíortha atá i mbéal forbartha isteach sa gheilleagar domhanda d'fhonn forbairt inbhuanaithe a bhaint amach. D'fhéadfadh dúshláin a bheith i ndán do na tíortha ACC sin arb iad na príomhonnmhaireoirí bananaí iad i ngeall ar athruithe ar shocruithe trádála, go háirithe i ngeall ar an léirscaoileadh i leith na Náisiún Barrfhabhair (MFN) faoi chuimsiú an WTO agus comhaontuithe déthaobhacha agus réigiúnacha a tugadh chun críche, nó atá á dtabhairt chun críche, idir an tAontas agus tíortha Mheiriceá Laidinigh. Ba cheart, dá bhrí sin, clár Bhearta Foghabhálacha Bananaí ACC ("an clár") a chur le Rialachán (CE) Uimh. 1905/2006 [2]

(5) Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag na bearta um chúnamh airgeadais atá le glacadh faoi chuimsiú an chláir, feabhas a chur ar na caighdeáin mhaireachtála agus na coinníollacha maireachtála atá ag daoine i dtíortha ina bhfástar bananaí agus daoine i slabhraí luacha bananaí, go háirithe feirmeoirí beaga agus aonáin bheaga, chomh maith le sin, comhlíonadh caighdeán sláinte agus sábháilteachta ceirde agus comhlíonadh caighdeán sláinte agus sábháilteachta saothair a áirithiú, mar aon le comhlíonadh caighdeán comhshaoil, go háirithe na caighdeáin sin a bhaineann le húsáid lotnaidicídí agus le teacht faoi lé lotnaidicídí. Ba cheart go dtabharfaí leis na bearta tacaíocht chomh maith do limistéir atá ag brath ar onnmhairí bananaí a oiriúnú, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, na limistéir sin a atheagrú, trí thacaíocht buiséid is sonrach don earnáil nó trí idirghabhálacha a bheadh sonrach don tionscadal. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag na bearta sin soláthar a dhéanamh do bheartais um theacht aniar sóisialta, d'éagsúlú eacnamaíoch nó d'infheistíocht ar mhaithe le feabhsú cumais iomaíochta, nuair is féidir sin, agus na torthaí agus an taithí á gcur san áireamh a fuarthas ón gCóras Speisialta Cúnaimh do sholáthróirí traidisiúnta bananaí an ACC arna bhunú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh 2686/94 ón gComhairle [3] agus an Creat Speisialta Cúnaimh (SFA) do sholáthróirí traidisiúnta bananaí an ACC a bhunaítear i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh 856/1999 ón gComhairle [4] agus Rialachán (CE) Uimh 1609/1999 ón gCoimisiún [5]. Aithníonn an tAontas an tábhacht a bhaineann le dáileadh níos cothroime a chur chun cinn i leith ioncam ó bhananaí.

(6) Ba cheart go bhfeidhmeodh an clár mar thacaíocht don phróiseas oiriúnaithe i dtíortha ACC a bhfuil lear mór bananaí onnmhairithe acu isteach san Aontas le blianta beaga anuas agus a ndéanfar difríocht dóibh leis an léirscaoileadh faoi chuimsiú Chomhaontú na Ginéive ar Thrádáil Bananaí [6] agus leis na comhaontuithe déthaobhacha agus réigiúnacha a tugadh chun críche, nó atá á dtabhairt chun críche, idir an tAontas agus tíortha Mheiriceá Laidinigh. Cuireann an clár leis an SFA do sholáthróirí traidisiúnta bananaí an ACC. Tá an clár i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais faoi chuimsiú an WTO, is clár é ina ndírítear ar chumas iomaíochta a athstruchtúrú agus a fheabhsú agus, dá bhrí sin, is clár sealadach é a mhairfidh ceithre bliana (2010-2013).

---

(1) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 21 Deireadh Fómhair 2010 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus seasamh ón gComhairle ag an gcéad léamh an 10 Nollaig 2010. Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

(2) IO L 378, 27.12.2006, lch. 41.
(3) IO L 286, 5.11.1994, lch. 1.
(4) IO L 108, 27.4.1999, lch. 2.
(5) IO L 190, 23.7.1999, lch. 14.
(6) IO L 141, 9.6.2010, lch. 3.

(7) Léirítear i gconclúidí na Teachtaireachta ón gCoimisiún an 17 Márta 2010 dar teideal "Tuarascáil Dhébhliantúil ar an gCreat Speisialta Cúnaimh do sholáthróirí traidisiúnta bananaí an ACC" gur mór a chuir na cláir chúnaimh a bhí ann san am a caitheadh le cumas feabhsaithe a bhaint amach um éagsúlú eacnamaíochta rathúil, cé nach féidir an tionchar iomlán a chainníochtú, agus go bhfuil inbhuanaitheacht na n-onnmhairí bananaí ACC fós leochaileach.

(8) Tá meastóireacht déanta ag an gCoimisiún ar an gclár SFA ach níl measúnú tionchair déanta aige ar na bearta tionlacain i leith bananaí.

(9) Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go ndéanfar comhordú ceart idir an clár seo agus na cláir tháscacha réigiúnacha agus náisiúnta atá ag oibriú sna tíortha tairbhíocha, go háirithe maidir le cuspóirí eacnamaíocha, talmhaíochta, sóisialta agus comhshaoil a bhaint amach.

(10) Tá geall le 2 % de thrádáil an domhain i leith bananaí, á fhormhuiniú ag na heagraíochtaí um tháirgeoirí Cóirthrádála. Socraítear na híosphraghsanna cóirthrádála ar bhonn "na costais táirgthe inbhuanaithe" a ríomh, a bhunaítear tar éis dul i gcomhairle le geallsealbhóirí, d'fhonn inmheánú a dhéanamh ar na costais chun caighdeáin chearta shóisialta agus chomhshaoil a bhaint amach agus brabús réasúnach a dhéanamh, rud a chuireann ar chumas táirgeoirí a slí bheatha a chosaint go fadtéarmach.

(11) Chun dúshaothrú oibreoirí áitiúla a chosc, ba cheart do ghníomhaithe sa slabhra táirgeachta i dtionscal na bananaí a chomhaontú go n-áiritheofar go ndéanfar an t-ioncam a ghineann an tionscal a chionroinnt go cothrom.

(12) Ba cheart dá bhrí sin Rialachán (CE) Uimh. 1905/2006 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1905/2006 leis seo mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

"*Airteagal 4*

**Cúnamh Aontais a chur chun feidhme**

Déanfar an cúnamh Aontais a chur chun feidhme trí na cláir gheografacha agus trí na cláir théamacha atá leagtha amach in Airteagal 5 go hAirteagal16 agus trí na chláir atá leagtha amach in Airteagal 17 agus in Airteagal 17a agus ar bhealach atá comhchuí le críoch fhoriomlán agus le raon feidhme foriomlán agus le cuspóirí foriomlán agus le prionsabail ghinearálta an Rialacháin seo.";

(2) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

"*Airteagal 17a*

**Na príomhthíortha ACC ar soláthróirí bananaí iad**

1. Na tíortha ACC ar soláthróirí bananaí iad agus atá liostaithe in Iarscríbhinn IIIa, bainfidh siad tairbhe as bearta tionlacain i leith bananaí. Beidh sé mar aidhm ag cúnamh Aontais tacaíocht a thabhairt do na tíortha sin agus a gcuid próisis oiriúna á gcur ar aghaidh tar éis léirscaoileadh mhargadh an Aontais do bhananaí faoi chuimsiú WTO. Úsáidfear cúnamh Aontais go háirithe chun cur i gcoinne bochtaineachta trí fheabhas a chur ar chaighdeáin mhaireachtála agus ar choinníollacha na bhfeirmeoirí agus na ndaoine lena mbaineann, agus i gcás inarb iomchuí, ar chaighdeáin mhaireachtála agus ar choinníollacha aonán beag, lena n-áirítear trí chaighdeáin saothair agus sábháilteachta a chomhlíonadh mar aon le caighdeáin chomhshaoil, lena n-áirítear maidir le húsáid lotnaidicídí agus risíocht le lotnaidicídí. Déanfar beartais agus straitéisí oiriúnaithe na dtíortha sin a chur san áireamh maidir leis an gcúnamh Aontais, chomh maith lena dtimpeallacht réigiúnach (ó thaobh a bhfoisceachta de na réigiúin is forimeallaí den Aontas agus de na tíortha agus de na críocha thar lear) agus tabharfar aird ar leith ann ar na réimsí comhair a leanas

(a) feabhas a chur ar chumas iomaíochta earnáil onnmhairiúcháin na mbananaí, nuair is inbhuanaithe sin, agus an staid ina bhfuil geallsealbhóirí éagsúla sa slabhra á cur san áireamh;

(b) éagsúlú eacnamaíoch na limistéar a bhíonn ag brath ar bhananaí a chur chun cinn, nuair is straitéis inmharthana í sin;

(c) aghaidh a thabhairt ar na himpleachtaí níos forleithne a eascraíonn ón bpróiseas oiriúnaithe, impleachtaí a bhféadfadh baint a bheith acu sin le fostaíocht agus seirbhísí sóisialta, le húsáid talún agus le hathchóiriú na timpeallachta, agus le cobhsaíocht mhaicreanamaíoch, ach ar impleachtaí iad nach impleachtaí iad atá teoranta do na nithe sin.

2. Laistigh den mhéid dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV, socróidh an Coimisiún an t-uasmhéid a bheidh ar fáil do gach tír ACC, ar soláthróir bananaí í agus dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, ar bhonn na dtáscairí oibiachtúla, ualaithe seo a leanas:

(a) trádáil i mbananaí leis an Aontas;

(b) an tábhacht a bhaineann le honnmhairí bananaí i ngeilleagar na tíre ACC lena mbaineann, chomh maith le leibhéal forbartha na tíre.

Beidh tomhas na gcritéar um chionroinnt bunaithe ar shonraí ionadaíocha a bailíodh roimh 2010 agus a chumhdaíonn tréimhse nach faide ná cúig bliana, agus beidh sé bunaithe ar staidéar ón gCoimisiún ina ndéantar measúnú ar an tionchar atá ag an gcomhaontú a baineadh amach laistigh den WTO agus ag na comhaontuithe déthaobhacha agus réigiúnacha a tugadh chun críche, nó atá á dtabhairt chun críche, idir an tAontas agus tíortha Mheiriceá Laidinigh, arb iad na príomhonnmhaireoirí bananaí iad, ar na tíortha ACC.

3. Glacfaidh an Coimisiún straitéisí tacaíochta ilbhliantúla de réir analaí le hAirteagal 19 agus i gcomhréir le hAirteagal 21. Áiritheoidh sé go gcuirfear, leis na straitéisí den tsamhail sin, le páipéir straitéise geografaí na dtíortha lena mbaineann agus le nádúr sealadach na mbeart tionlacain seo in earnáil na mbananaí.

Áireofar leis na straitéisí tacaíochta ilbhliantúla le haghaidh na mbeart tionlacain in earnáil na mbananaí:

(a) próifíl comhshaoil atá cothrom le dáta agus lena dtabharfar aird chuí ar earnáil bananaí na tíre, lena ndíreofar inter alia ar lotnaidicídí;

(b) faisnéis faoin méid a baineadh amach leis na cláir thacaíochta earnáil na mbananaí, ar cláir iad a bhí ann san am a caitheadh;

(c) táscairí chun an dul chun cinn a mheasúnú maidir le coinníollacha eisíocaíochta, nuair a roghnófar tacaíocht bhuiséadach mar mhodh maoinithe;

(d) na torthaí a bhfuiltear ag súil leo maidir leis an gcúnamh;

(e) sceideal ama na ngníomhaíochtaí tacaíochta agus na n-eisíocaíochtaí a bhfuiltear ag súil leo a bheith ann le haghaidh gach tíre is faighteoir;

(f) na bealaí ina ndéanfar dul chun cinn a bhaint amach agus a ndéanfar faireachán ar an dul chun cinn maidir le comhlíonadh chroíchaighdeáin saothair ILO arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta agus comhlíonadh coinbhinsiún iomchuí sláinte agus sábháilteachta chomh maith le comhlíonadh croíchaighdeán iomchuí comhshaoil arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta.

Faoi 18 mí roimh an dáta éaga, déanfar measúnú ar an gclár Bhearta Fogabhálacha Bananaí agus ar an dul chun cinn arna dhéanamh ag na tíortha lena mbaineann, agus áireofar sa mheasúnú sin moltaí maidir le haon bhearta a bheidh le déanamh agus maidir le cineál na mbeart sin.";

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 21:

"*Airteagal 21*

**Páipéir straitéise agus cláir ilbhliantúla tháscacha a ghlacadh**

Na páipéir straitéise agus na cláir ilbhliantúla tháscacha dá dtagraítear in Airteagal 19 agus in Airteagal 20, agus aon athbhreithniú a dhéantar orthu, dá dtagraítear in Airteagal 19(2) agus in Airteagal 20(1), mar aon leis na bearta tionlacain dá dtagraítear in Airteagal 17 agus in Airteagal 17a faoi seach, glacfaidh an Coimisiún iad i gcomhréir le…";

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 25(2):

"2. Ní úsáidfear cúnamh Aontais, i bprionsabal, chun cánacha, dleachtanna ná muirir a íoc sna tíortha tairbhíocha.";

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 29(1):

"1. Is ar bhonn cinntí arna ndéanamh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagail 17a(3), 22(1), 23(1) agus 26(1) a dhéanfar gealltanais bhuiséideacha.";

(6) In Airteagal 31(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

"Féadfaidh gach duine nádúrtha ar náisiúnach de chuid tíre atá i mbéal forbartha é nó í, nó ar duine dlítheanach é nó í atá bunaithe i dtír atá i mbéal forbartha, faoi mar atá sainithe ag OECD/DAC agus in Iarscríbhinn II, agus do dhaoine nádúrtha nó do dhaoine dlítheanacha atá cáilithe de bhua an chláir théamaigh nó de bhua na gclár atá leagtha amach in Airteagal 17 agus in Airteagal 17a a bheith rannpháirteach i ndámhachtain conarthaí soláthair nó conarthaí deontais arna maoiniú faoi chlár téamach, mar a shainmhínítear in Airteagail 11 go 16 í, agus sna cláir atá leagtha amach in Airteagal 17 agus in Airteagal 17a. Déanfaidh an Coimisiún Iarscríbhinn II a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis na hathbhreithnithe rialta ar liosta faighteoirí cúnaimh OECD/DAC, agus cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas faoi sin.";

(7) In Airteagal 38, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mhír 2:

"1. Is EUR 17 087 milliún atá sa mhéid tagartha airgeadais chun an Rialachán seo a chur chun feidhme le linn na tréimhse 2007-2013.

2. Leagtar síos in Iarscríbhinn IV na méideanna táscacha a chionroinneofar ar gach clár dá dtagraítear in Airteagail 5 go 10, in Airteagail 11 go 16, in Airteagal 17 agus in Airteagal 17a. Tá na méideanna sin bunaithe don tréimhse 2007-2013.";

(8) Cuirtear isteach Iarscríbhinn IIIa, mar atá sí in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(9) Déantar a bhfuil in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a chur in ionad Iarscríbhinn IV.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/sa …

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |
| … | … |

*IARSCRÍBHINN I*

*"IARSCRÍBHINN IIIa*

**na príomhthíortha ACC ar soláthróirí bananaí iad**

1. An Bheilís
2. Camarún
3. Côte d'Ivoire
4. Doiminice
5. An Phoblacht Dhoiminiceach
6. Gána
7. Iamáice
8. St. Lucia
9. San Uinseann agus na Greanáidíní
10. Suranam".

*IARSCRÍBHINN II*

*"IARSCRÍBHINN IV*

**Cionrannta táscacha airgeadais don tréimhse 2007-2013** ***(i milliúin eur)***

| | |
|---|---|
| Iomlán | 17 087 |
| Cláir gheografacha: | 10 057 |
| Meiriceá Laidineach | 2 690 |
| An Áise | 5 187 |
| An Áise Láir | 719 |
| An Meánoirthear | 481 |
| An Afraic Theas | 980 |
| Cláir théamacha: | 5 596 |
| Infheistíocht i ndaoine | 1 060 |
| An comhshaol agus bainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha | 804 |
| Gníomhaithe neamhstáit agus údaráis áitiúla san fhorbairt | 1 639 |
| Slándáil bia | 1 709 |
| Imirce agus tearmann | 384 |
| Tíortha ACC ar sínitheoirí leis an bPrótacal Siúcra iad | 1 244 |
| Na príomhthíortha ACC ar soláthróirí bananaí iad | 190" |

## RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE

### I. RÉAMHRÁ

An 17 Marta 2010, ghlac an Coimisiún lena thogra le haghaidh Rialacháin lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1905/2006 lena mbunaítear ionstraim maoinithe le haghaidh comhair um fhorbairt.

Ghlac Parlaimint na hEorpa a tuairim ar an gcéad léamh an 21 Deireadh Fómhair 2010.

Ghlac an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh an 10 Nollaig 2010.

### II. CUSPÓIR

Moltar an clár Bhearta Foghabhálacha Bananaí ACC (BAM) seo mar leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 1905/2006 lena mbunaítear ionstraim maoinithe le haghaidh comhair um fhorbairt (DCI). Is é is aidhm don chlár BAM cuidiú le hathstruchtúr na n-earnálacha bananaí sna deich dtír ACC arb iad na príomhonnmhaireoirí bananaí.

Tugadh ildushlán do Chomheagraíocht an Mhargaidh AE (CMAE) um bananaí san Eagraíocht Dhomhanda Trádála (WTO). Mar thoradh air sin tá comhaontú trádála ar bhananaí idirbheartaithe ag an AE sa chreat WTO a thacaíonn le cur i gcrích modúlachtaí talmhaíochta an Chláir Oibre Doha um Fhorbairt (DDA) agus Babhta iomlán Doha.

Beidh laghdú mar thoradh air seo i líon na gcorrlach fabhair ACC a mbeidh gá le coigeartuithe iontu. Is é is aidhm don chlár BAM atá molta le haghaidh na dtíortha ACC ar príomhsholáthróirí bananaí iad cuidiú le limistéir a bhraitheann ar allmhairí bananaí trí thacaíocht bhuiséid nó trí idirghabháil shonrach. Trí bhíthin na mbeart sin tacófar leis an oiriúnú d'iarmhairtí níos leithne (m.sh. iarmhairtí sóisialta agus comhshaoil), agus tacófar le beartais éagsúlaithe, nó le hinfheistíochtaí ar mhaithe le hiomaíochas, i gcás gur straitéis inmharthana í sin.

Is mar chlár sealadach a mhairfidh ceithre bliana (2010-2013) ar a mhéad a mholtar na bearta. Bheadh buiséad €190 milliún acu agus thabharfaí isteach iad trí leasú a dhéanamh ar an DCI.

### III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

Tar éis plé luath dearfach a bheith ann idir na trí institiúid, ghlac an Chomhairle le 15 cheann de na leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh. Measann an Chomhairle go bhfeabhsaítear an buntogra leis na leasuithe sin trí mhionsonrú a dhéanamh air, go háirithe trína bhrollach a shoiléiriú, nó trí roinnt príomhghnéithe den chlár BAM a shoiléiriú.

Go háirithe, dírítear anois go follasach le cúnamh an AE ar an mbochtaineacht a dhíothú agus ar feabhas a chur ar dhálaí maireachtála agus ar dhálaí oibre feirmeoirí beaga agus daoine eile lena mbaineann.

Thairis sin, tagraítear anois sa Rialachán do thimpeallacht réigiúnach na dtíortha atá incháilithe faoin gclár BAM agus go háirithe don fhogasacht do réigiúin fhorimeallacha an AE agus do thíortha agus do chríocha thar lear (OCTanna).

Ina theannta sin, chuir an Chomhairle fáilte roimh na leasuithe de chuid Pharlaimint na hEorpa maidir le ceanglais cosanta comhshaoil mar aon le ceanglais shóisialta atá bunaithe ar chaighdeáin ILO, ar ceanglais iad a áireofar i straitéisí tacaíochta tíortha.

Ar deireadh, is fiú a thabhairt faoi deara go ndéantar foráil anois sa téacs do mheasúnú ar an gclár BAM, ar measúnú é a dhéanfar ocht mí dhéag roimh dheireadh an chláir sin, tráth ar féidir moltaí iomchuí a dhéanamh.

Ach níor fhéad an Chomhairle glacadh leis na leasuithe sin a ghlac Parlaimint na hEorpa lena ndéantar cur i bhfeidhm nós imeachta na ngníomhartha arna dtarmligean (Airteagal 290 CFAE) a thabhairt isteach le haghaidh ghlacadh na gclár ilbhliantúil comhair agus na bpáipéar straitéise. Feictear don Chomhairle nach gníomhartha iad na cláir ilbhliantúla comhair a bhfuil feidhm ghinearálta leo lena bhforlíontar nó lena leasaítear an gníomh bunaidh, ó tharla nach gníomhartha iad atá ceangailteach ó thaobh dlí. Is gníomhartha cur chun feidhme iad de réir bhrí Airteagal 291 CFAE.

## IV. **CONCLÚID**

D'fhonn comhaontú a bhaint amach go luath maidir le leasú an Rialacháin, tá idirbheartaíocht shubstaintiúil déanta ag an gComhairle le Parlaimint na hEorpa, ar idirbheartaíocht í a d'éascaigh Coimisiún na hEorpa. Mar thoradh ar an idirbheartaíocht, tá comhthoil shuntasach ann maidir leis na gnéithe substaintiúla téacs a bhaineann leis an gclár BAM ann féin.

Cé nár cruthaíodh leis an togra ón gCoimisiún deacrachtaí móra don Chomhairle, rinne an Chomhairle gach iarracht aghaidh a thabhairt ar roinnt údar imní a bhí ag Parlaimint na hEorpa maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe.

Measann an Chomhairle gur comhréiteach cothrom atá ina seasamh ar an gcéad léamh agus iarrann sí ar Pharlaimint na hEorpa glacadh leis an téacs sin chun teacht i bhfeidhm an Rialacháin a bhaint amach in 2010. Mar thoradh air sin, ní bheadh an maoiniú atá inscríofa i mbuiséad 2010 cheana féin caillte. Chuir an Chomhairle in iúl gur mórúdar imní é go bhféadfadh sé, i gcás nach bhféadfar teacht ar chomhaontú roimh dheireadh na bliana 2010, go ndéanfaí an comhaontú trádála maidir le bananaí san Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) a chur i gcontúirt, ar comhaontú é a bhfuiltear ag fanacht leis le fada.